Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10736 – ITOCHU / ISUZU MOTORS / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 193/06)

1. An 4 Bealtaine 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— ITOCHU Corporation ("Itochu", an tSeapáin),

— ISUZU Motors Ltd. ("Isuzu", an tSeapáin),

— Isuzu Leasing Services Limited ("ILS", an tSeapáin), faoi rialú Isuzu, agus,

— Isuzu UMAX Corporation ("UMAX", an tSeapáin), faoi rialú Isuzu.

Gheobhaidh Itochu agus Isuzu rialú comhpháirteach ar ILS agus UMAX de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— maidir le Itochu: cuideachta thrádála, atá gníomhach in allmhairiú agus onnmhairiú agus trádáil thar lear ar raon leathan tionscal lena n-áirítear teicstíl, innealra, miotail, mianraí, fuinneamh, ceimiceáin, bia, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide agus airgeadas;

— Maidir le Isuzu: cuideachta, atá gníomhach i monarú agus soláthar mótarfheithiclí agus compháirteanna innill. Áirítear lena táirgí truiclíní, trucailí saothair éadroim agus trucailí tromshaothair;

— maidir le ILS: cuideachta, atá faoi rialú aonair Isuzu faoi láthair, atá gníomhach i seirbhísí conartha um léasú feithiclí tráchtála agus um chothabháil feithiclí tráchtála sa tSeapáin amháin; agus,

— maidir le UMAX: cuideachta, atá faoi rialú aonair Isuzu faoi láthair, atá gníomhach sa ghnó ceantála trucailí, i gceannach agus díol trucailí athláimhe, chomh maith le seirbhísí trádála ar líne um thrucailí athláimhe sa tSeapáin amháin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10736 – ITOCHU / ISUZU MOTORS / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË